# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2021

# Scéim Mharcála

# Corpoideachas

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar úsáid scéimeanna marcála foilsithe**

Níl sé i gceist go mbeidh scéimeanna marcála atá foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina ndoiciméid aonair. Is acmhainn riachtanach iad le haghaidh scrúdaitheoirí a gcuirtear oiliúint orthu maidir le léirmhiniú ceart a fháil ar an scéim agus cur i bhfeidhm ceart na scéime. Is éard atá i gceist leis an oiliúint seo, i measc nithe eile, samplaí marcála obair daltaí agus na marcanna a bhronntar a phlé, chun cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Ina dhiaidh sin déanann na Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na gceartaitheoirí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus cruinn na scéime marcála a chinntiú. Déanann an Príomhscrúdaitheoir maoirseacht ar an bpróiseas seo, le cabhair ó Phríomhscrúdaitheoir Comhairleach de ghnáth. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh maidir le cé acu ar cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa oibre iarrthóra nó nár cuireadh.

Is dréachtdhoiciméid iad scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear an scéim i gcrích go dtí go gcuireann ceartaitheoirí i bhfeidhm í ar obair iarrthóirí agus go mbailítear an t-aiseolas ó na ceartaitheoirí go léir agus go ndéantar é a mheas i bhfianaise réimse iomlán fhreagraí na n-iarrthóirí, leibhéal iomlán deacrachta an scrúdaithe agus an gá le comhsheasmhacht a chaomhnú ó thaobh caighdeáin de ó bhliain go bliain. Tá an scéim dheiridh ar fáil sa doiciméad foilsithe sin, de réir mar a cuireadh i bhfeidhm í ar obair na n-iarrthóirí go léir.

I gcás scéimeanna marcála a chuimsíonn réitigh shamplacha nó freagraí samplacha, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeidh siad uileghabhálach. D’fhéadfadh sé go mbeadh malairtí leagain agus leaganacha difriúla inghlactha. Ní mór do cheartaitheoirí gach freagra a mheas de réir a bhfiúntais, agus moltar dóibh dul i gcomhairle lena gCeartaitheoirí Comhairleacha i gcás amhrais.

**Scéimeanna Marcála sa Todhchaí**

Ba chóir aon tuairimí faoi scéimeanna marcála sa todhchaí bunaithe ar scéimeanna ón am atá thart a sheachaint. Cé go bhfuil na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, d’fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar na sonraí a bhaineann le marcáil cineál faoi leith ceiste i bhfianaise fheidhm na ceiste sin sa scrúdú trí chéile in aon bhliain ar leith. Tá an fhreagracht ar an bPríomhcheartaitheoir in aon bhliain ar leith cinneadh a dhéanamh ar conas is fearr a chinntiú go mbeidh measúnú cóir agus cruinn ar obair iarrthóirí agus chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeán an mheasúnaithe ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar ghnéithe den struchtúr, mionsonraí agus cur i bhfeidhm na scéime marcála maidir le scrúdú faoi leith ó bhliain amháin go bliain eile gan fógra.

## Nótaí maidir leis an Scéim Mharcála

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- I gcuid mhaith cásanna sna nótaí tacaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí nach mór a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.

Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochoda de cheist; e.g. d'fhéadfadh trí fhochuid a bheith ag baint le ceist; agus 12 mharc san iomlán curtha i leith na ceiste sin. Tharlódh gur mar seo a leanas a bheadh an scéim mharcála: 6 + 3 +3. Ciallaíonn sin go mbronntar 6 mharc an ceann i leith an chéad fhreagra chirt agus gur 3 mharc an ceann a bhronntar i leith gach freagra chirt ina ndiaidh sin.

## Roinn A — 40 marc

Tá 12 cheist ann nach mór d'iarrthóirí 5 cinn acu a fhreagairt.

**Ceist 1** **(8 marc)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Dhá bhuntáiste a bhaineann le sláinte agus folláine phearsanta mínithe | 4 mharc + 4 mharc |
| Déan cur síos cruinn ar dhá bhuntáiste, ó thaobh na sláinte agus na folláine pearsanta de, a bhíonn ann do dhéagóirí a ghlacann páirt i ngníomhaíocht choirp.<br>Cur síos maith 4 m<br>Cur síos measartha 2 m<br>e.g. sláinte fhisiciúil, meabhairshláinte<br>NÁ glac le buntáistí eacnamaíochta. | |

**Ceist 2** **(8 marc)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Páirt-chleachtadh mínithe<br>e.g. bristear scil síos i gcodanna níos lú agus cleachtar gach cuid go haonaránach. | 2 mharc |
| Sampla ábhartha de pháirt-chleachtadh curtha ar fáil i dtaca le gníomhaíocht choirp<br>e.g. preabiarracht chispheile | 2 mharc |
| Cleachtadh iomlán mínithe<br>e.g. cleachtar an scil ina hiomláine ó thús go deireadh | 2 mharc |
| Sampla ábhartha de pháirt-chleachtadh curtha ar fáil i dtaca le gníomhaíocht choirp<br>e.g. rith<br>NÁ glac le cleachtadh cluiche | 2 mharc |

**Ceist 3** **(8 marc)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Plé cruinn ar an ráiteas: Tá teorainn leis an gcuidiú is féidir le teicneolaíocht a thabhairt do réiteoirí, agus uaireanta is féidir leis an teicneolaíocht an obair réiteoireachta a dhéanamh níos deacra.<br>Plé maith 8 m<br>Plé measartha 6 m<br>Plé lag 4 m<br>Plé fíorlag 2 m | |

**Ceist 4** **(8 marc)**

**(a)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar dheascán tástálacha corpacmhainne<br>e.g. sraith tástálacha a úsáidtear chun corpacmhainn fhisiceach iomlán an duine a mheas. Ba cheart go dtástálfadh na tástálacha roghnaithe na héilimh chorpacmhainne fisicí a bhaineann le spórt. Bainfidh spóirt dhifriúla deascáin tástálacha corpacmhainne dhifriúla a bhaineann go sonrach lena spóirt. | 2 mharc |

**(b)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Éileamh corpacmhainne a bhaineann le feidhmíocht shainaitheanta atá ábhartha do ghníomhaíocht choirp ainmnithe – 1 m<br>e.g. luas, cumhacht, lúfaireacht, aga freagartha, comhordú, cothromaíocht<br>Cur síos achomair ar a ábhartha agus atá éileamh corpacmhainne shainaitheanta a bhaineann le feidhmíocht – 1 m | 2 x 2 (1+1) Mharc |

**(c)**

| **Ithreach**<br>Tástálacha atá ábhartha d'éileamh corpacmhainne a bhaineann le feidhmíocht<br>e.g. | | **Marcanna** |
|---|---|---|
| Éileamh corpacmhainne a bhaineann le feidhmíocht | Tástáil chorpacmhainne | |
| 1. Lúfaireacht | 1. Tástáil lúfaireachta Illinois | 1 mharc |
| 2. Luais | 2. Tástáil ráibráis 20m | 1 mharc |

**Ceist 5** **(8 marc)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Cur síos ar dhá chéim ar bith de chuid macraichiogail | 4 mharc + 4 mharc |
| Agus tú ag tagairt do ghníomhaíocht choirp ainmnithe, déan cur síos cruinn ar chéimeanna ar bith de chuid macraichiogail a bheadh mar chuid de phlean traenála tréimhsithe.<br>Cur síos maith 4 m<br>Cur síos measartha 2 m<br>e.g.<br>tréimhse ullmhúcháin (tréimhse réamhshéasúir), tréimhse chomórtais (nó le linn an tséasúir), tréimhse idirlinne (nó tréimhse seachshéasúir) | |

**Ceist 6** **(8 marc)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Sainaithnítear go cruinn bealaí soiléire inar féidir le scoileanna dul i ngleic leis an éagothroime inscne a fheictear i rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí coirp, agus déantar cur síos achomair orthu | 4 x 2 mharc |

**Ceist 7** **(8 marc)**

**(a)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Plána tosaigh na gluaiseachta mínithe go mion agus go cruinn – 4 m<br>e.g. is dromchla samhailteach é plána a ritheann tríd an gcorp. Scoilteann an plána tosaigh an corp go hingearach i leath tosaigh agus i leath deiridh. Tá an mhais chéanna sa dá leath sin. Is gluaiseachtaí cliathánacha iad go leor de na gluaiseachtaí sa phlána tosaigh. Tarlaíonn abduchtú agus aduchtú sa phlána tosaigh.<br>Roinnt cruinnis sa mhíniú – 2 m | 4 mharc |

**(b)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Dhá shampla dhifriúla de phlána tosaigh na gluaiseachta<br>e.g. cleas an rotha a dhéanamh, seaic léimní, sleaschéim | 2 mharc + 2 mharc |

**Ceist 8** **(8 marc)**

**(a)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Dhá phrionsabal a ghabhann le cleachtas eiticiúil sainaitheanta – 1 m<br>e.g. cothroime, meas, ionracas<br>Cur síos achomair ar gach prionsabal a ghabhann le cleachtas eiticiúil sainaitheanta/nó mínithe maidir leis an gcás a cuireadh i láthair – 1 m | 2 x 2 (1+1) Mharc |

**(b)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar conas a imríonn iompraíocht mhí-eiticiúil tionchar diúltach ar spórt<br>Cur síos maith 4 m<br>Cur síos measartha 2 m | |

**Ceist 9** **(8 marc)**

**(a)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar imní staide agus imní thréithe araon - 4 m<br>Cur síos cruinn ar imní staide nó ar imní thréithe – 2 m | |
| e.g.<br>Is staid mhothúchánach láithreach í imní staide arb iad na comharthaí sóirt a bhaineann léi: eagla, faitíos, teannas agus méadú ar spreagadh fiseolaíoch mar fhreagairt ar chás faoi leith nó éileamh i gcluiche nó imeacht. Is staid mhothúchánach shealadach í.<br>Ceaptar gur cuid de phearsantacht an duine í imní thréithe – claonadh iompraíochta gnóthaithe chun staideanna áirithe a bhrath mar chinn bhagracha cé nach gá gurb ea.<br>Tá baint dhíreach ann idir leibhéal imní tréithe an lúthchleasaí agus imní staide, is iondúil gur mó imní staide a fhulaingíonn lúthchleasaithe a bhfuil imní ardtréithe ag gabháil dóibh. | |

**(b)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Déan cur síos ar conas is féidir le himní staide dul i bhfeidhm ar fheidhmíocht sa spórt.<br>Cur síos maith 4 m<br>Cur síos measartha 2 m | |

**Ceist 10** **(8 marc)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Cur síos ar dhá struchtúr nó straitéis | 4 mharc + 4 mharc |
| Agus tú ag tagairt do ghníomhaíocht choirp ainmnithe, déan cur síos ar dhá struchtúr nó dhá straitéis a d'fhéadfadh gníomhaithe a úsáid le linn comórtais.<br>Cur síos maith 4 m<br>Cur síos measartha 2 m | |

**Ceist 11** **(8 marc)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Míniú cruinn ar cén fáth a bhféadfadh an easpa clúdaigh a dhéantar ar spóirt na mban sna meáin oibriú chun daingniú a dhéanamh ar steiréitíopáil inscne na mban i gcúrsaí spóirt.<br>Míniú maith 8 m<br>Míniú measartha 6 m<br>Míniú lag 4 m<br>Míniú fíorlag 2 m | |

**Ceist 12** **(8 marc)**

**(a)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Dhá mhodh oiriúnacha le haghaidh sonraí faoi ghníomhaíocht choirp a bhailiú liostaithe<br>e.g peidiméadar, dialann féintuairisce gníomhaíochta coirp | 1 mharc + 1 mharc |

**(b)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| 2% | 2 mharc |

**(c)**

| Ithreach | Marcanna |
|---|---|
| Dhá chúis **nach** bhfaigheann roinnt daltaí iar-bhunscoile 60 nóiméad GCMT ar lá amháin ar a laghad. | 2 mharc + 2 mharc |

| Roinn B | Cás-Staidéar | 50 marc |
|---|---|---|

**Ceist 13** **(50 marc)**

**(a)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainaithníonn sé an luamhán mar an chéad (1ú) chineál | 2 mharc |
| Cosaint:<br>e.g. tarraingt an mhaide rámha mar an iarracht, an leaba iomartha nó an pointe a ghreamaíonn an rámh don bhád mar an buthal agus an t-uisce mar an t-ualach | 2 mharc |

**(b)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Céim cheart d'fhoghlaim scile aitheanta | 2 mharc |
| Cuimsítear sa chosaint faisnéis chruinn i dtaca le staid uathrialaitheach foghlama scile agus cuimsíonn sí sampla ábhartha ó chás-staidéar – 5 mharc<br>Sampla breise ón gcás-staidéar atá curtha ar fáil + 1 mharc<br>e.g. "Ó thaobh teicníce de, tá a lán rudaí ag baint leis, ach tar éis 17 mbliana ní gá duit smaoineamh air faoin dtráth seo, is é an chaoi go dtarlaíonn sé."<br>bhuaigh siad bonn airgid i gcomórtas céaslaire beirte éadrom-mheáchain na bhfear ag Cluichí Oilimpeacha 2016 in Rio. | 5 mharc<br>+ 1 mharc |

**(c)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú cruinn ar bharainneacht ghluaiseachta agus cuimsítear sa fhreagra sampla ábhartha ón gcás-staidéar – 5 m<br>Sampla breise ón gcás-staidéar atá curtha ar fáil + 1 mharc | 5 mharc<br>+ 1 mharc |
| e.g. Bíonn scothrámhaithe ag brath ar shártheicníc a ligeann dóibh bheith an-bharainneach ó thaobh a gcuid gluaiseachtaí de. Is gá dóibh a bhfuinneamh ar fad a úsáid ar bhealach dearfach a dhéanfaidh a mbád níos gaiste seachas é a ídiú ar sceitheadh fuinnimh. Sa chás-staidéar foghlaimímid "má chlaontar cloigeann go tobann fiú, cuirfear as don bhád agus claonfaidh sé ar leataobh beagáinín." Foghlaimímid freisin go gcaithfidh gluaiseacht chomhordaithe agus chumhachtach na gcos agus na lámh bheith ag rámhaithe ar gá iad a dhaingniú le cabhail láidir. Beidh briseadh síos teicníce ann mar gheall ar bhriseadh síos na ngluaiseachtaí idir na baill choirp sin agus dá thoradh sin beidh drochbharainneacht ghluaiseachta agus drochfheidhmíocht ina dhiaidh sin. Ó tharla go rásálann Gary agus Paul in éineacht sa bhád céanna, ciallaíonn sé sin go bhfuil tábhacht ar leith ag baint lena gcomhtheicnící. Beidh tionchar mór ar bharainneacht ghluaiseachta mura mbíonn gluaiseachtaí Gary agus Paul sioncronaithe go hiontach. | |

**(d) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Ráta saothair bhraite le linn seisiúin | 2 mharc |
| Paraiméadair folláine laethúla | 2 mharc |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Breac-chuntas cruinn ar conas a chuidíonn an ráta saothair bhraite nó na paraiméadair folláine laethúla le cóitseálaithe agus lúthchleasaithe chun baol na róthraenála a sheachaint.<br>Cur síos maith 4 mharc<br>Cur síos measartha 2 mharc | |

**(iii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Comhpháirt: Seasmhacht chardairiospráide | 2 mharc |
| Fianaise ó phlean: 90 nóiméad Rámhaíochta/ reatha nó rothaíochta- 3 lá sa tseachtain | 1 mharc |
| Comhpháirt: Seasmhacht mhatánach | 2 mharc |
| Fianaise ó phlean: Traenáil meáchan bunaithe ar thoirt- 3 lá sa tseachtain | 1 mharc |
| Comhpháirt: Solúbthacht | 2 mharc |
| Fianaise ó phlean: Tá searradh coirp sa phlean 7 lá sa tseachtain | 1 mharc |
| Glac le cothromaíocht freisin – aclaíocht chabhlach, neart – ciorcad | |

**(iv)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú cruinn ar cén fáth a bhfuil forbairt seasmhachta cardairiospráide, seasmhachta matánaí, solúbthachta, cothromaíochta agus/nó neart tábhachtach sa rámhaíocht. | 2 mharc + 2 mharc + 2 mharc |
| Míniú maith 2 m<br>Míniú measartha 1 m | |

**(e)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Céim ainmnithe<br>e.g. Céim 1 – Ráib thosaigh, Céim 2 – Céim na seasmhachta, Céim 3 – Ráib dheiridh | 1 mharc + 1 mharc + 1 mharc |
| Míniú cruinn ar an méid a dhéanann na córais fuinnimh ábhartha le linn gach céime<br>Míniú maith 2 m<br>Míniú measartha 1 m | 2 mharc + 2 mharc + 2 mharc |

## Roinn C — 80 marc

Tá 5 cheist ann nach mór d'iarrthóirí 2 cheann acu a fhreagairt.

**Ceist 14** **(40 marc)**

**(a)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar dhá mhodh oiriúnacha anailíse | 4 mharc + 4 mharc |
| Cur síos cruinn ar mhodh a d'fhéadfadh Tayla agus a cóitseálaithe a úsáid chun anailís a dhéanamh ar theicníc a cic sheasta<br>Cur síos maith 4 m<br>Cur síos measartha 2 m<br>e.g. sceidil bhreathnóireachta, anailís físeáin, anailís bhithmheicniúil | |

**(b)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar dhá thréith a bhaineann le heiseamláirí | 4 mharc + 4 mharc |
| Cur síos cruinn ar thréithe a bhaineann le heiseamláirí a spreagann agus a thacaíonn le daoine eile chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht choirp.<br>Cur síos maith 4 m<br>Cur síos measartha 2 m | |

**(c)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú cruinn ar cén fáth a bhféadfadh na tréithe a luaitear le banúlacht heigeamaineach dul i bhfeidhm ar leibhéil rannpháirtíochta na gcailíní sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp.<br>Míniú maith 10-12 m<br>Míniú measartha 7-9 m<br>Míniú lag 5-6 m<br>Míniú fíorlag 1-3 m | |

**(d) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Tá an t-eolas cruinn agus mionsonraithe<br>Déanann sé machnamh ar an argóint go bhféadfadh na meáin chumarsáide dul i bhfeidhm ar leibhéil rannpháirtíochta na bhfear óg i ngníomhaíocht choirp maidir leis an 'gcorp foirfe' ar bhealach a léiríonn na tuairimí agus na hidirghaolta a bhaineann leis an gceist. Déantar machnamh ar roinnt fachtóirí éagsúla ábhartha<br>Cuirfear tuairimí agus breithiúnais neamhspleácha i láthair agus tacófar leo le samplaí ábhartha de ghníomhaíocht choirp | 8 |
| Tá cuid den eolas cruinn le roinnt mionsonraí<br>Déanann sé machnamh ar an argóint go bhféadfadh na meáin chumarsáide dul i bhfeidhm ar leibhéil rannpháirtíochta na bhfear óg i ngníomhaíocht choirp maidir leis an 'gcorp foirfe' ar bhealach a léiríonn na tuairimí agus na hidirghaolta a bhaineann leis an gceist.<br>Cuirtear tuairimí agus breithiúnais in iúl a bhféadfadh samplaí ábhartha de ghníomhaíocht choirp tacú leo | 5 |
| Buneolas agus gan mórán tuisceana<br>Gan aon mhachnamh nó gan mórán machnaimh ar an argóint go bhféadfadh na meáin chumarsáide dul i bhfeidhm ar leibhéil rannpháirtíochta na bhfear óg i ngníomhaíocht choirp maidir leis an 'gcorp foirfe' ar bhealach a léiríonn na tuairimí agus na hidirghaolta a bhaineann leis an gceist.<br>Gan aon iarracht nó gan mórán iarrachta chun tuairim nó breithiúnas a chur in iúl. | 2 |
| Gan aon ábhar ábhartha/ Freagra mícheart | 0 |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Plé cruinn ar an dóigh a bhféadfadh leibhéil rannpháirtíochta cailíní i ngníomhaíocht choirp dul i bhfeidhm ar an íomhá cholainne.<br>Plé maith 4 m<br>Plé measartha 2 m | |

**Ceist 15** **(40 marc)**

**(a)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Roimh imeacht | 4 mharc |
| Míniú cruinn ar conas a d'fhéadfadh úsáid éifeachtach carbaihiodráití roimh imeacht spóirt cuidiú le lúthchleasaithe seasmhachta a bhfeidhmíocht a bharrfheabhsú.<br>Míniú maith 4 m<br>Míniú measartha 2 m | |
| Míniú ar conas a d'fhéadfadh úsáid éifeachtach carbaihiodráití roimh imeacht spóirt cuidiú le lúthchleasaithe seasmhachta a bhfeidhmíocht a bharrfheabhsú. | 2 mharc |

**Tabhair faoi deara**: d'iarrthóirí a d'fhreagair an scrúdú scríofa trí Ghaeilge, bronnadh marcanna ar fhreagairtí cearta le linn imeachta agus tar éis imeachta.

**(b) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainaithin trí shárú ar leith eile ar rialacha frithdhópála na hÉireann (ADVR). | 2 mharc + 2 mharc + 2 mharc |
| 3. Diúltú nó mainneachtain tástáil drugaí a dhéanamh tar éis fógra<br>4. Trí Theip ar an gCás a Dhéanamh (Teipeanna Comhdaithe nó Tástálacha ar Iarraidh) in 12 mhí<br>5. Bain do<br>6. Seilbh ar Shubstaintí Toirmiscthe agus/nó Modhanna Toirmiscthe<br>7. Gáinneáil ar aon Substaint Toirmiscthe nó Modh Toirmiscthe<br>8. Aon Modh Toirmiscthe nó Substaint Toirmiscthe a Riaradh do Lúthchleasaí; cúnamh, spreagadh, cabhrú, neartú, clúdach suas<br>9. Comhpháirteachas nó Iarracht ar Chomhpháirteachas - Gearrfar pionós ar bhaint ar an mbealach céanna le sarú maidir le baint le ADRV arna dhéanamh ag duine eile, mar shampla cuidiú leis an ADRV sin a chlúdach nó bhrath a sheachaint.<br>10. Caidreamh Toirmiscthe - Forchuirfear toirmeasc suas le 2 bhliain maidir le caidreamh a dhéanamh le duine mar chóitseálaí, dochtúir nó fisice a fuarthas ciontach in ADRV nó i gcion coibhéiseach maidir le sárú dópála.<br>11. Séidteoirí a Chosaint - is ADRV é bagairt a dhéanamh ar dhuine eile nó an duine sin a dhíspreagadh ó fhaisnéis a bhaineann le ADRV a thuairisciú, neamhchomhlíonadh an Chóid nó gníomhaíocht dópála eile, nó díoltas a fháil ar dhuine eile á dhéanamh sin<br>2021 - Rialachta frithdhópála na hÉireann - https://www.sportireland.ie/anti-doping-rules (Rochtain air: 16 Iúil 2021) | |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar conas a chuireann hormóin pheiptíde le feidhmíocht.<br>Plé measartha 4 mharc<br>Plé lag 2 mharc<br>e.g. Eiritreapóéisin (EPO)<br>NÁ Glac le téististéarón mar is hormón stéaróidigh é. | |

**(c)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú cruinn agus mionsonraithe ar réimse de na himpleachtaí diúltacha a d'fhéadfadh bheith ann do lúthchleasaí i gcás go nglacann sé/sí drugaí a chuireann le feidhmíocht.<br>NÁ glac le himpleachtaí ar spórt | 4 mharc + 4 mharc + 2 mharc + 2 mharc |

**(d)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar thrí straitéis téarnaimh iar-aclaíochta | 4 mharc + 4 mharc + 4 mharc |
| Cur síos ar straitéisí téarnaimh iar-aclaíochta a bhféadfadh lúthchleasaí úsáid a bhaint astu, ar straitéisí iad nach gcuirfeadh an lúthchleasaí i mbaol rialacha frithdhópála na hÉireann a shárú.<br>Cur síos maith 4 m<br>Cur síos measartha 2 m<br>e.g. tumadh uisce fhuair, baill éadaigh chomhbhrú<br>NÁ glac le straitéisí cothaitheacha | |

**Ceist 16** **(40 marc)**

**(a)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Plé cruinn ar conas a chuideodh scileanna éifeachtacha cumarsáide le Donie agus é ag roinnt a chuid eolais ar an bPeil Ghaelach lena chuid imreoirí.<br>Plé an-mhaith 8 m<br>Plé maith 6 m<br>Plé measartha 4 m<br>Plé lag 2 m | |

**(b)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Prionsabal den chleachtadh éifeachtach sainaitheanta– 1 m<br>e.g. éagsúil, forásach, sainiúil, intomhaiste, indéanta, réalaíoch, amaithe, spreagúil, taifeadta<br>Cur síos achomair ar phrionsabal den chleachtadh éifeachtach a úsáideann cóitseálaithe le linn dóibh sceidil chleachtaidh a phleanáil– 1 m | 4 x 2 (1+1) mharc |

**(c) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar shamplaí sonracha de theicneolaíocht, mar shampla, Córais suite domhanda (GPS) agus Físréiteoir Cúnta (VAR), etc. agus cur síos cruinn agus mionsonraithe ar conas a úsáideann cóitseálaithe na teicneolaíochtaí seo chun cur le feidhmíocht foirne nó lúthchleasaí i ngníomhaíochtaí coirp ainmnithe. | 3 mharc + 3 mharc + 2 mharc |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Ní mór go mbainfeadh an freagra le teicneolaíocht a bhfuil cur síos uirthi i gceist 16 c (i) | 4 mharc |
| Cosaint mhaith 4 m<br>Cosaint mheasartha 2 m | |

**(d)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar an mbealach chun barr feabhais atá forbartha ag Comhlacht Náisiúnta Rialaithe (CNR) ainmnithe dá chuid lúthchleasaithe.<br>Cur síos an-mhaith 10-12 m<br>Cur síos maith 7-9 m<br>Cur síos measartha 5-6 m<br>Cur síos lag 1-3 m<br>Cumann Leadóige na hÉireann- An Bealach Fadtéarmach Forbartha Imreora | |

**Ceist 17** **(40 marc)**

**(a) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar achar – 2m<br>e.g. Is cainníocht scálach é achar Cuirtear síos air ó thaobh méide de. Tagraíonn achar do chonair an choirp agus é ag bogadh ó áit amháin go háit eile.<br>Cur síos cruinn ar dhíláithriúchán – 2m<br>e.g. Is cainníocht veicteoireach é díláithriúchán. Cuirtear síos air ó thaobh méide agus treo de. Is tomhas gluaisne 'i líne dhíreach trasna'. | 2 mharc + 2 mharc |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Fad= 400m | 1 mharc |
| Díláithriúchán= náid | 1 mharc |

**(iii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Meánluas reatha ceart, an t-aonad san áireamh - 2 m<br>Meánluas, ní thugtar an t-aonad – 1 m | 2 mharc |
| Meánluas = an t-achar iomlán a thaistealaítear agus é roinnte ar an méid ama ar fad a gcaitear ag taisteal<br>100m/ 10.5s= 9.5 m/s | |

**(iv)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Fáth cruinn- 2 m<br>Fáth saghas cruinn – 1 m | 2 mharc |

**(b) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainmhíniú cruinn ar thríú dlí Gluaisne Newton | 2 mharc |
| Maíonn tríú dlí Gluaisne Newton go mbíonn frithghníomhú mar an gcéanna ach malartach mar thoradh ar gach gníomhú. Ciallaíonn sé seo go mbíonn frithfhórsa ann i gcomhair fórsa. | |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú cruinn ar conas a bhaineann tríú dlí Gluaisne Newton leis an scil atá á léiriú ag Georgia i bhFigiúr 11.<br>Míniú maith 4 m<br>Míniú measartha 2 m | |

**(c) (i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú cruinn ar scil<br>e.g. iompraíocht fhoghlamtha "Gníomhaíocht/iompraíocht fhoghlamtha agus é mar aidhm aici torthaí réamhshocraithe a bhaint amach le deimhneacht uasta agus ídiú ama nó fuinnimh íosta" (Knapp, 1963) | 1 mharc |
| Cur síos cruinn ar chumas<br>e.g. cumas nádúrtha/ cumas as broinn | 1 mharc |
| Plé cruinn ar an ráiteas<br>Plé maith 4 m<br>Plé measartha 2 m | 4 mharc |

**(ii)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos ar dhá choincheap de chuid na gníomhaíochta coirp.<br>e.g. súgradh, fóillíocht agus áineas, corpoideachas, spóirt oll-rannpháirtíochta, gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta, spórt | 4 mharc + 4 mharc |
| Cur síos cruinn ar choincheap na gníomhaíochta coirp.<br>Cur síos maith 4 m<br>Cur síos measartha 2 m | |

**(d)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainaithníonn sé polasaí náisiúnta<br>e.g. Get Ireland Active! | 2 mharc |
| Míniú cruinn ar conas a thacaíonn polasaí náisiúnta sainaitheanta le gníomhaíocht choirp do chách.<br>Míniú an-mhaith 8 m<br>Míniú maith 6 m<br>Míniú measartha 4 m<br>Míniú lag 2 m | 8 marc |

**Ceist 18** **(40 marc)**

**(a)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Tréith ar leith sainaitheanta– 1 m<br>Cur síos achomair ar conas a fhágann an tsaintréith go dtarraingítear lucht féachana chuici – 1 m | 4 x 2 (1+1) mharc |

**(b)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Cur síos cruinn ar conas is féidir le roghnú éadaí cuí cuidiú le feidhmíocht lúthchleasaí sa ghníomhaíocht choirp ainmnithe.<br>Cur síos maith 6 m<br>Cur síos measartha 4 m<br>Cur síos lag 2 m | |

**(c)** .

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Dhá straitéis shíceolaíocha réamh-fheidhmíochta<br>e.g. féinchaint, léirshamhlú, machnamh | 6 mharc + 6 mharc |
| Scrúdú cruinn ar straitéisí síceolaíocha réamh-fheidhmíochta a bhféadfadh Jordan úsáid a bhaint astu chun a chinntiú go raibh a intinn ullamh i gcomhair na n-éileamh síceolaíoch a bhaineann le sraith cheannais NBA.<br>Go maith 6 mharc<br>Réasúnta 4 mharc<br>Lag 2 m | |

**(d)** **(i)**

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Forlíonadh spóirt ainmnithe<br>e.g. caiféin, créitín, béitea-alainín, níotráití<br>NÁ glac le deochanna spóirt | 4 x 1 mharc |

**(ii)** Maidir leis na forlíontaí a d'ainmnigh tú i gceist **18 (d) (i)**, mínigh conas a d'fhéadfadh gach ceann díobh cur le leibhéil feidhmíochta an imreora cispheile.

| **Ithreach** | **Marcanna** |
|---|---|
| Míniú cruinn mionsonraithe ar conas a d'fhéadfadh gach ceann de na ceithre fhorlíonadh spóirt cur le leibhéil feidhmíochta an imreora cispheile. | 3 mharc + 3 mharc + 2 mharc + 2 mharc |

## Scrúdú na hArdteistiméireachta – Corpoideachas – Scéim Mharcála 2021

9-10 Sármhaith   7-8 Go han-mhaith   5-6 Go maith   3-4 Réasúnta   1-2 Lag

| Roinn | Ithreach | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **Anailís Feidhmíochta** | **22** |
| | Anailís Feidhmíochta a rinneadh<br>e.g. Tástáil a rinneadh go cuí ar réimse leathan gnéithe atá ábhartha do ghníomhaíocht choirp roghnaithe agus tá cosaint ar rogha gnéithe | 8 |
| | Achoimre ar shonraí bailithe<br>e.g. Cuireadh réimse leathan sonraí i láthair | 4 |
| | Déan anailís ar an bhfeidhmíocht<br>e.g. Torthaí anailíse a ndearnadh mionanailís orthu, atá bunaithe ar phrionsabail theoiriciúla fhónta | 10 |
| B | **Trí sprioc feidhmíochta ar leith agus fianaise ar threaenáil/cleachtadh agus machnamh leanúnach a shainaithint**<br>**Tabhair do d'aire:** mura bhfuil an sprioc feidhmíochta soiléir, ná cuir an sprioc is lú scórála agus an réasúnaíocht san áireamh | **42** |
| | Spriocanna feidhmíochta<br>e.g. Cuspóir feidhmíochta atá curtha in iúl go soiléir a chomhlíonann prionsabal SMART (Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch, Uainithe) nó prionsabal comhchosúil | 6 |
| | Réasúnaíocht<br>e.g bunaithe ar phrionsabail theoiriciúla fhónta | 6 |
| | Cláir Thraenála/ Chleachtaidh<br>e.g. Plean ábhartha, mionsonraithe agus cruinn bunaithe ar réimse leathan prionsabail theoiriciúla fhónta. Cuireadh réimse leathan straitéisí i bhfeidhm. | 21 |
| | Machnaimh<br>e.g. Machnamh leanúnach criticiúil agus géarchúiseach | 9 |
| C | **Anailís chlabhsúir** | **20** |
| | Athanailís<br>e.g. Rinneadh gach tástáil arís agus cuireadh torthaí ar fáil, agus rinneadh anailís ar an bhfeidhmíocht. | 8 |
| | Machnamh deiridh<br>e.g. chuathas i ngleic leis na trí sprioc feidhmíochta ar fad. Rinneadh machnamh ar laigí agus láidreachtaí an chláir. | 6 |
| | Na chéad chéimeanna eile chun feabhas breise a dhéanamh<br>e.g. cuireadh cosaint ar fáil | 6 |

| | | |
|---|---|---|
| | **Comhleanúnachas ginearálta** | **16** |
| | Baineann comhleanúnachas le críochnú iomlán an tionscadail. Is marc é a thugtar as ábharthacht na hoibre sa roinn seo leis na haidhmeanna sonraithe.  Ní féidir marcanna comhleanúnachais a bhronnadh mura bhfuil ach gné amháin den tionscnamh le feiceáil. D'fhéadfaí pionós a ghearradh (10m/6m/2m) i gcás go ndeachaigh iarrthóir i bhfad thar cheann amháin nó níos mó de líon focal, fad físeáin nó líon íomhánna. | 4 x 4 mharc |
| **Marcanna Iomlána** | | **100** |

**Tionscnamh Gníomhaíochta Coirp na hArdteistiméireachta**
**Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal**

Tá 20% de na marcanna atá ar fáil i scrúdú Ardteistiméireachta an Chorpoideachais ag dul don Tionscnamh Gníomhaíochta Coirp agus déantar é a mheasúnú ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal. Tá foirm agus riachtanais an tionscnaimh mar an gcéanna ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal araon, mar sin ní gá go roghnódh iarrthóirí a leibhéal ag am an iarratais. Déanfar idirdhealú ag tráth an mheasúnaithe.

Chun an t-ailíniú ceart idir an caighdeán riachtanach a chinntiú chun gráid a ghnóthú ag an dá leibhéal (A5 = G1; A6 = G2; A7 = G3) marcáiltear an obair ar fad i dtosach ar scála tagartha. Aistrítear na marcanna tagartha seo go marcanna Ardleibhéil nó Gnáthleibhéil ansin mar is cuí.

De ghrá éascaíocht an fhorfheidhmithe, deartar an scála tagartha chun teacht le scála an Ardleibhéil. Dá réir sin, i ndiaidh go mbronntar marc ar Thionscnamh Gníomhaíochta Coirp an iarrthóra ar an scála tagartha, taifeadtar an marc tagartha sin i gcás iarrthóirí Ardleibhéil mar a mar deiridh don Tionscnamh Gníomhaíochta Coirp, agus déantar leasú ar mharc iarrthóirí Gnáthleibhéil chun an marc tagartha a aistriú go dtí a marc deiridh don Tionscnamh Gníomhaíochta Coirp. Léiríonn an tábla thíos an t-ailíniú idir na gráid.

| Grád níos airde | Gnáthghrád | Marc Tagartha | Marc an Ardleibhéil | Marc an Ghnáthleibhéil |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | 90 – 100 | 90 – 100 | 100 |
| 2 | | 80 – 89 | 80 – 89 | 100 |
| 3 | | 70 – 79 | 70 – 79 | 100 |
| 4 | | 60 – 69 | 60 – 69 | 100 |
| 5 | 1 | 50 – 59 | 50 – 59 | 90-100 |
| 6 | 2 | 40 – 49 | 40 – 49 | 80 – 89 |
| 7 | 3 | 30 – 39 | 30 – 39 | 70 – 79 |
| 8 | 4 | 25 – 29 | 25 – 29 | 60 – 69 |
| | 5 | 20 – 24 | 20 – 24 | 50 – 59 |
| | 6 | 15 – 19 | 15 – 19 | 40 – 49 |
| | 7 | 10 – 14 | 10 – 14 | 30 – 39 |
| | 8 | 0 – 9 | 0 – 9 | 0 – 29 |

**TIONSCNAMH GNÍOMHAÍOCHTA COIRP– coinbhéartú ón marc tagartha go dtí marc an Ghnáthleibhéil**

Maidir le hiarrthóirí Gnáthleibhéil, faightear an marc deiridh ón marc tagartha mar seo a leanas:

- Más é 60 nó níos mó an marc tagartha is é 100 an marc deiridh.
- Más é 30 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 60, ansin cuir 40 leis an marc tagartha chun an marc deiridh a fháil.
- Más é 1 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 30, ansin dúbláil an marc tagartha agus cuir 10 leis chun an marc deiridh a fháil.
- Más é 0 an marc tagartha is é 0 an marc deiridh.

| Tagairt | Coinbhéartú |
|---|---|
| 60 nó níos mó | Tabhair 100 marc |
| 30 – 59 | Cuir 40 marc leis |
| 1 – 29 | Déan an marc tagartha a iolrú faoi 2 agus cuir 10 |
| 0 | 0 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 170 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 170 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 127 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 128 - 130 | 12 |
| 131 - 133 | 11 |
| 134 - 136 | 10 |
| 137 - 140 | 9 |
| 141 - 143 | 8 |
| 144 - 146 | 7 |
| 147 - 150 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 151 - 153 | 5 |
| 154 - 156 | 4 |
| 157 - 160 | 3 |
| 161 - 163 | 2 |
| 164 - 166 | 1 |
| 167 - 170 | 0 |
| | |